AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
COM(2026) 367 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Bhreise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta

IARSCRÍBHINN

Téacs críochnaitheach an Phrótacail

COUNCIL OF EUROPE

CONSEIL DE L'EUROPE

Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta

Brollach

Tá Ballstáit Chomhairle na hEorpa agus na Páirtithe eile i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta (CETS Uimh. 198, dá ngairtear 'an Coinbhinsiún' anseo feasta), a osclaíodh lena shíniú i Várs an 16 Bealtaine 2005, is sínitheoirí leis seo,

Ós rud é gurb é is aidhm do Chomhairle na hEorpa aontacht níos mó a bhaint amach i measc a cuid comhaltaí;

Agus béim á leagan acu ar a ríthábhachtaí atá sé don tsíocháin, don chobhsaíocht, don cheartas, don daonlathas agus don smacht reachta coireanna lena ngintear fáltais aindleathacha a chomhrac, lena n-áirítear an choireacht eagraithe, sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta, san Eoraip agus ar fud an domhain araon, agus cearta an duine á n-urramú go hiomlán an tráth céanna;

Ós ábhar imní dóibh na bagairtí athraitheacha a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta, agus aird á tabhairt acu ar na dúshláin atá roimh na Páirtithe agus aghaidh á tabhairt acu orthu;

Agus é de rún daingean acu bearta a neartú agus a fhorbairt tuilleadh chun sócmhainní a aisghabháil go héifeachtach, lena n-áirítear sócmhainní de thionscnamh coiriúil a shainaithint, a rianú, a reo, a urghabháil, a choigistiú agus a bhainistiú, agus comhroinnt sócmhainní agus athúsáid maoine coigistithe a chur chun cinn;

Ós deimhin leo go bhfuil gá le modhanna imscrúdaitheacha láidre agus creataí láidre aisghabhála sócmhainní lena ndírítear ar shócmhainní de thionscnamh coiriúil trí imscrúduithe airgeadais, agus le bearta chun feabhas a chur ar an gcomhar i measc raon leathan institiúidí, lena n-áirítear aonaid faisnéise airgeadais, oifigí aisghabhála sócmhainní, oifigí bainistíochta sócmhainní, údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis ionchúisimh agus údaráis bhreithiúnacha, údaráis mhaoirseachta agus an earnáil phríobháideach;

Á chur i dtábhacht a thábhachtaí atá sé uirlisí nua a fhorbairt i réimse an choigistithe, agus a áirithiú go gcuirfear bearta coigistithe i bhfeidhm ar bhealach níos córasaí;

Ag aithint dóibh gur gá an creat dlíthiúil idirnáisiúnta maidir le comhar a threisiú chun cur i bhfeidhm éifeachtach beart aisghabhála sócmhainní thar theorainneacha a éascú;

Ag aithint dóibh cearta an duine agus na saoirsí bunúsacha a chumhdaítear, go háirithe, sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ETS Uimh. 5) agus sna prótacail a ghabhann leis, agus sa Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

Á choimeád i gcuimhne dóibh conarthaí Chomhairle na hEorpa maidir le comhar in ábhair choiriúla agus comhaontuithe agus socruithe eile idir na Páirtithe sa Choinbhinsiún;

Á chur san áireamh dóibh conarthaí ábhartha Chomhairle na hEorpa, go háirithe an Coinbhinsiún um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht (ETS Uimh. 141), an Coinbhinsiún um Sceimhlitheoireacht a Chosc (CETS Uimh. 196), an Coinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht (ETS Uimh. 185), an Coinbhinsiún Dlí Choiriúil maidir le hÉilliú (ETS Uimh. 173), an Coinbhinsiún chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch (ETS Uimh. 108), mar aon leis na prótacail a ghabhann leo faoi seach, agus á chur san áireamh dóibh coinbhinsiúin ábhartha na Náisiún Aontaithe agus na prótacail a ghabhann leo, reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le haisghabháil sócmhainní agus frithsciúradh airgid agus caighdeáin idirnáisiúnta, amhail na moltaí a ghlac an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA);

Ag aithint dóibh gur gá gnéithe áirithe den Choinbhinsiún a fhorlíonadh agus a nuachóiriú;

Ós mian leo go rannchuideoidh an Prótacal seo le freagairt níos éifeachtaí ar na dúshláin a bhaineann le haisghabháil sócmhainní agus le comhar neartaithe idir na Páirtithe sa réimse sin,

Tar éis comhaontú mar a leanas:

Caibidil I – Forálacha coiteanna

Airteagal 1 – Cuspóir

Is é is cuspóir don Phrótacal seo forálacha Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta a fhorlíonadh agus a nuachóiriú idir na Páirtithe.

Airteagal 2 – Úsáid na dTéarmaí

1. Chun críocha an Phrótacail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas, i dteannta na sainmhínithe a leagtar amach sa Choinbhinsiún:

a. is éard is ‘imscrúdú airgeadais’ ann imscrúdú ar ghnóthaí airgeadais a bhaineann le hiompar coiriúil d’fhonn aon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

i. an méid líonraí coiriúla agus/nó scála na coiriúlachta a shainaithint;

ii. maoin atá inchoigistithe a shainaithint agus a rianú;

iii. faisnéis a bhailiú a d’fhéadfaí a úsáid in imeachtaí coiriúla agus/nó in imeachtaí i ndáil le maoin a shainaithint, a rianú, a reo, a urghabháil agus a choigistiú;

b. ciallaíonn ‘sócmhainn fhíorúil’ léiriú digiteach ar luach nó ar cheart is féidir a aistriú agus a stóráil go leictreonach trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte nó teicneolaíocht den chineál céanna, agus is féidir a úsáid chun críoch íocaíochta nó infheistíochta. Ní chuimsítear le sócmhainní fíorúla léirithe digiteacha ar airgeadraí fiat, urrúis agus sócmhainní airgeadais eile;

c. ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse sócmhainní fíorúla’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann, mar ghnó, ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí nó de na hoibríochtaí seo a leanas do dhuine nádúrtha nó dlítheanach eile nó thar a cheann:

i. malartuithe idir sócmhainní fíorúla agus airgeadraí fiat;

ii. malartuithe idir cineál amháin sócmhainní fíorúla nó níos mó;

iii. aistrithe sócmhainní fíorúla;

iv. sócmhainní fíorúla nó ionstraimí lena gcumasaítear rialú ar shócmhainní fíorúla a choimeád slán agus/nó a riar; agus

v. rannpháirtíocht i seirbhísí airgeadais agus soláthar seirbhísí airgeadais a bhaineann le sócmhainn fhíorúil a bheith á tairiscint agus/nó á díol ag eisitheoir.

2. Chun críocha an Choinbhinsiúin agus an Phrótacail seo, ciallaíonn an téarma ‘maoiniú na sceimhlitheoireachta’ na cionta a leagtar amach in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Dhíchur, i ndáil leis an méid seo a leanas:

a. na gníomhartha a leagtar amach in Airteagal 2, mír 1, fomhír *a* nó *b* den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Dhíchur;

b. na cionta a shainmhínítear i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc agus sa phrótacal leasaitheach a ghabhann leis; agus

c. na cionta a shainmhínítear sa Phrótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc (CETS Uimh. 217).

Caibidil II – Bearta atá le déanamh ar an leibhéal náisiúnta

Roinn 1 – Bearta coigistithe

Airteagal 3 – Coigistiú leathnaithe

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a chur ar a chumas dó maoin duine a chiontaítear i sciúradh airgid, i maoiniú na sceimhlitheoireachta nó i gceann de na catagóirí cionta san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a choigistiú, go hiomlán nó go páirteach, i gcás inar deimhin leis an gcúirt gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó iompar coiriúil nó go bhfuarthas í, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil.

2. Ar choinníoll go bhfuil feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le sciúradh airgid agus le maoiniú na sceimhlitheoireachta, féadfaidh gach Páirtí, tráth an tsínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasta nó aontachais, trí dhearbhú a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, a cheart a fhorchoimeád chun mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm:

a. a mhéid a d’fhéadfadh an cion ar ina leith a chiontaítear duine mórbhuntáiste eacnamaíoch a ghiniúint, go díreach nó go hindíreach, agus a mhéid sin amháin;

b. a mhéid atá an cion inphionóis le cailleadh saoirse nó le hordú coinneála go ceann tréimhse ceithre bliana ar a mhéad, agus a mhéid sin amháin; agus/nó

c. maidir le liosta de chionta sonraithe amháin.

3. Chun a chinneadh ar gnóthaíodh an mhaoin atá i gceist ó iompar coiriúil, cuirfear na himthosca uile a bhaineann leis an gcás san áireamh, lena n-áirítear an díréir idir luach na maoine agus ioncam dleathach an duine chiontaithe.

Airteagal 4 – Coigistiú nach bhfuil bunaithe ar chiontú

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a chur ar a chumas dó, i gcomhréir le prionsabail bhunúsacha a dhlí náisiúnta, maoin a choigistiú gan ciontú coiriúil i gcás inar deimhin le cúirt gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó iompar coiriúil nó go bhfuarthas í, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil.

2. Féadfaidh gach Páirtí, tráth an tsínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasta nó aontachais, trí dhearbhú a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, a cheart a fhorchoimeád chun mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm:

a. i gcás nach bhféadfar bearta coigistíochta eile a chur i bhfeidhm;

b. i gcás inar sainaithníodh an mhaoin atá le coigistiú le linn imscrúdú a bhaineann le cion coiriúil;

c. i gcás inar reodh nó inar urghabhadh an mhaoin atá le coigistiú le linn imscrúdú a bhaineann le cion coiriúil;

d. i gcás inar deimhin leis an gcúirt gur gnóthaíodh an mhaoin atá le coigistiú nó go bhfuarthas í ó iompar coiriúil a rinneadh faoi chuimsiú eagraíocht coiriúil, agus go bhféadfadh an t-iompar sin mórbhuntáiste eacnamaíoch a ghiniúint, go díreach nó go hindíreach;

e. i gcás ina bhfuil an cion inphionóis le cailleadh saoirse nó le hordú coinneála go ceann tréimhse ceithre bliana ar a mhéad; agus/nó

f. i gcás inar tionscnaíodh an t-imscrúdú coiriúil i ndáil le liosta de chionta sonraithe.

3. Féadfaidh gach Páirtí, de bhreis ar mhíreanna 1 agus 2, cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá a ghlacadh chun a chur ar a chumas dó fáltais, ionstraimeachtaí nó maoin ar luach coibhéiseach a choigistiú, gan ciontú coiriúil, i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

a. tionscnaíodh imscrúduithe nó imeachtaí coiriúla agus d'fhéadfadh sé go raibh ciontú coiriúil mar thoradh ar na himeachtaí coiriúla ábhartha ach ní fhéadfaí leanúint de na himeachtaí mar gheall ar bhás, éagumas dul faoi thriail mar gheall ar bhreoiteacht, éalú nó i gcásanna ina bhfuil reacht na dtréimhsí don choir bhunúsach faoi bhun cúig bliana déag agus ina bhfuil sé imithe in éag;

b. i gcás ina ngnóthaítear na fáltais, na hionstraimeachtaí nó an mhaoin ar luach coibhéiseach ó na cionta coiriúla ar tionscnaíodh na himscrúduithe nó na himeachtaí ina leith, nó i gcás ina bhfuil baint dhíreach nó indíreach acu leo, ar a laghad i gcás ina bhféadfadh na cionta mórbhuntáistí eacnamaíocha a ghiniúint.

Airteagal 5 – Coigistiú ó thríú páirtithe

1.Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a chur ar a chumas dó fáltais nó maoin, a gcomhfhreagraíonn a luach d'fháltais den sórt sin atá faoi úinéireacht tríú páirtithe nó ina seilbh, a reo, a urghabháil agus a choigistiú, gan dochar do chearta tríú páirtithe *bona fide*.

2. Féadfaidh na Páirtithe an oibleagáid dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo a leathnú chuig ionstraimeachtaí.

3. Féadfaidh gach Páirtí, tráth an tsínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais, trí dhearbhú a bheidh dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, a cheart a fhorchoimeád chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm i gcás ina ndearna duine atá faoi amhras nó atá cúisithe na fáltais nó an mhaoin a gcomhfhreagraíonn a luach do na fáltais sin a aistriú, go díreach nó go hindíreach, chuig tríú páirtithe, nó i gcás ina bhfuair tríú páirtithe iad ó dhuine atá faoi amhras nó atá cúisithe, nuair a bhí a fhios ag an tríú páirtí, nó nuair ba cheart go raibh a fhios aige, gurbh é cuspóir an aistrithe nó na fála coigistiú a sheachaint, agus sna cásanna sin amháin.

Roinn 2 – Bearta imscrúdaitheacha agus sealadacha

Airteagal 6 – Bearta sealadacha

1. Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 4 den Choinbhinsiún maidir le haon mhaoin atá inchoigistithe de bhun an Phrótacail seo.

2. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a chur ar a chumas dó bearta sealadacha a dhéanamh, ar bhonn práinneach, agus, i gcás inarb iomchuí, *ex parte* nó gan réamhfhógra, faoi réir a phrionsabail bhunreachtúla agus bhunchoincheapa a chórais dlí, chun cosc a chur ar scaipeadh sócmhainní atá inchoigistithe faoin gCoinbhinsiún agus faoin bPrótacal seo. Cuirfidh na Páirtithe teorainn le bailíocht shealadach na mbeart sealadach práinneach sin i gcás nach ionann iad agus bearta reo nó urghabhála atá i bhfoirm ordaithe.

Airteagal 7 – Cumhachtaí agus teicnící imscrúdaitheacha

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a chúirteanna nó údaráis inniúla eile a chumhachtú, i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme den dlí nós imeachta náisiúnta, a ordú go ndéanfar taifid a choimeádann institiúidí airgeadais agus soláthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla, lena n-áirítear aon taifid a choimeádtar de bhun a n-oibleagáidí díchill chuí do chustaiméirí mar a shainmhínítear in Airteagal 13, mír 2, fomhíreanna *a*.i agus iii, den Choinbhinsiún, a chur ar fáil nó a urghabháil chun na bearta sealadacha agus coigistíochta dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún agus sa Phrótacal seo a chur i gcrích. A. Ní dhiúltóidh Páirtí do ghníomhú faoi fhorálacha an airteagail seo ar fhorais rúndachta bainc nó airgeadais.

2. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal sin, glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a chur ar a chumas dó an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. a chinneadh an bhfuil duine nádúrtha nó dlítheanach ina shealbhóir nó ina úinéir tairbhiúil cuntais amháin nó níos mó, de chineál ar bith, in aon institiúid airgeadais nó soláthraí seirbhíse sócmhainní fíorúla atá lonnaithe ina chríoch agus, má tá, mionsonraí uile na gcuntas sainaitheanta a fháil;

b. sonraí a fháil faoi chuntais shonraithe a shealbhaítear in institiúidí airgeadais nó i soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla agus faoi oibríochtaí institiúidí airgeadais agus soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla a rinneadh le linn tréimhse sonraithe trí chuntas sonraithe amháin nó níos mó, lena n-áirítear sonraí aon chuntais seolta nó aon chuntais fála;

c. faireachán a dhéanamh, le linn tréimhse shonraithe, ar oibríochtaí institiúidí airgeadais agus soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla atá á gcur i gcrích trí chuntas aitheanta amháin nó níos mó; agus

d. a áirithiú nach nochtfaidh institiúidí airgeadais agus soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla don chustaiméir lena mbaineann nó do thríú daoine eile gur lorgaíodh faisnéis nó go bhfuarthas faisnéis i gcomhréir le mír 2, fomhíreanna *a*, *b*, nó *c* den Airteagal seo, nó go bhfuil imscrúdú á dhéanamh.

Airteagal 8 – Imscrúduithe airgeadais

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha nó bearta eile is gá chun a áirithiú, maidir leis na húdaráis inniúla atá freagrach as sciúradh airgid, maoiniú na sceimhlitheoireachta nó aon cheann de na catagóirí cionta san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a imscrúdú agus/nó, i gcás inarb iomchuí, a ionchúiseamh, go mbeidh siad in ann imscrúduithe airgeadais réamhghníomhacha a dhéanamh ar a laghad i ngach cás a bhaineann le maoiniú na sceimhlitheoireachta agus i ndáil le cionta a d'fhéadfadh mórbhuntáiste eacnamaíoch a ghiniúint.

2. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha nó bearta eile is gá chun a áirithiú go bhféadfar na himscrúduithe airgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dhéanamh go neamhspleách, in éineacht le himscrúdú coiriúil nó faoi chuimsiú imscrúdú coiriúil.

3. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha nó bearta eile is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh na húdaráis inniúla ábhartha na himscrúduithe airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2, mír 1, fomhír *a* den Phrótacal seo a sheoladh ag gach céim de na himeachtaí coiriúla, lena n-áirítear tar éis ciontú deiridh nó tar éis coigistiú de bhun an Choinbhinsiúin agus an Phrótacail seo.

4. Féadfaidh gach Páirtí bearta reachtacha nó bearta eile den sórt sin a dhéanamh chun grúpaí ildisciplíneacha atá speisialaithe i dtaobh imscrúduithe airgeadais a bhunú.

Airteagal 9 – Faisnéis faoi chuntais bhainc, cuntais íocaíochta, cuntais urrús, taisceadáin agus cuntais sócmhainní fíorúla

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun sásra lárnach uathoibrithe nó sásraí eile atá éifeachtach agus tráthúil ar an gcaoi chéanna a bhunú, lena gcumasófar aon duine nádúrtha nó dlítheanach a shealbhaíonn cuntais bhainc, cuntais íocaíochta, cuntais urrús agus taisceadáin arna gcoimeád ag institiúidí airgeadais, agus cuntais sócmhainní fíorúla arna gcoimeád ag soláthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla a shainaithint, in éineacht le húinéirí tairbhiúla na gcuntas sin agus aon duine atá údaraithe chun gníomhú thar ceann sealbhóir cuntais.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh an t-aonad um fhaisnéis airgeadais agus, chun cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, nó chun tacú le himscrúdú maidir le cion coiriúil tromchúiseach, lena n-áirítear maoin a bhaineann le cionta den sórt sin a shainaithint, a rianú, a reo agus a urghabháil, an oifig um aisghabháil sócmhainní agus údaráis inniúla ainmnithe eile, go mbeidh siad i dteideal rochtain a bheith acu ar an sásra lárnach uathoibrithe nó ar shásraí eile atá éifeachtach agus tráthúil ar an gcaoi chéanna, agus ar an bhfaisnéis atá ann nó iontu, de réir mar is gá chun a bhfeidhmeanna a fheidhmiú.

3. Glacfaidh na Páirtithe cibé bearta is gá chun an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh agus chun coimircí a bhunú lena rialófar próiseáil na faisnéise is gá chun cuspóir an Airteagail seo a bhaint amach.

Roinn 3 – An t-aonad um fhaisnéis airgeadais

Airteagal 10 – Toiliú a chur ar fionraí nó a choinneáil siar i gcás idirbhearta, cuntais agus gaolmhaireachtaí gnó amhrasacha

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun go bhféadfaidh aonad um fhaisnéis airgeadais gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh i gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil baint ag idirbheart, cuntas amhail cuntas bainc, urrús, íocaíochta nó sócmhainní fíorúla nó caidreamh gnó le sciúradh airgid, le maoiniú na sceimhlitheoireachta nó le haon cheann de na catagóirí cionta san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, chun úsáid an chuntais sin, na gaolmhaireachta gnó nó an idirbhirt a chur ar fionraí nó chun toiliú leanúint ar aghaidh leis an idirbheart a choinneáil siar.

2. Forchuirfidh an t-aonad um fhaisnéis airgeadais fionraí nó coinneáil siar an toilithe de bhun mhír 1 den Airteagal seo chun na cistí a chaomhnú, a anailísí a dhéanamh, measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-amhras deimhnithe agus, má tá, torthaí na n-anailísí a scaipeadh ar na húdaráis inniúla chun gur féidir bearta iomchuí a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh uasfhad aon fhionraí nó aon choinneáil siar toilithe de bhun mhír 1 den Airteagal seo faoi réir fhorálacha ábhartha an dlí náisiúnta agus go mbeidh sé teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na cuspóirí a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo a bhaint amach.

4. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun foráil a dhéanamh maidir le coimircí sonracha, de réir mar is iomchuí, chun cearta bunúsacha na ndaoine a ndéantar difear dóibh le fionraí nó coinneáil siar an toilithe arna ordú ag an aonad um fhaisnéis airgeadais de bhun mhír 1 den Airteagal seo a chosaint.

5. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a áirithiú go gcumhachtaítear an t-aonad um fhaisnéis airgeadais deireadh a chur leis an bhfionraí nó leis an gcoinneáil siar toilithe tráth ar bith má chinneann sé nach bhfuil gá a thuilleadh leis an bhfionraí nó leis an gcoinneáil siar toilithe chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo a chomhlíonadh.

6. Féadfaidh gach Páirtí, tráth an tsínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasta nó aontachais, trí dhearbhú a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, a cheart a fhorchoimeád gan an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le fionraí cuntas agus gaolmhaireachtaí gnó.

Roinn 4 – Oifig um aisghabháil sócmhainní

Airteagal 11 – Oifig um aisghabháil sócmhainní

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha nó bearta eile is gá chun údarás amháin nó níos mó a bhunú nó a ainmniú mar oifig um aisghabháil sócmhainní a bheidh freagrach as an méid seo a leanas a dhéanamh:

maoin atá inchoigistithe a shainaithint agus a rianú chun tacú le húdaráis inniúla eile; agus

comhoibriú le hoifigí um aisghabháil sócmhainní na bPáirtithe eile.

2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, áiritheoidh gach Páirtí gur féidir leis an oifig um aisghabháil sócmhainní faisnéis a mhalartú go héifeachtach leis na húdaráis náisiúnta inniúla i gcomhréir lena dlí náisiúnta.

3. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a chur ar a chumas do cheann dá oifigí um aisghabháil sócmhainní, gan dochar do chumhachtaí údarás inniúil eile, bearta sealadacha práinneacha a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 6, mír 2 den Phrótacal seo, i gcásanna trasteorann chun maoin a shainaithnítear agus a rianaítear a chaomhnú nuair atá gar-riosca ann go rachadh sí ar iarraidh. Ní mhairfidh bearta den sórt sin níos faide ná 7 lá oibre.

4. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a áirithiú nach gcoinneoidh oifig um aisghabháil sócmhainní bearta sealadacha práinneacha ar bun go ceann tréimhse níos faide ná mar is gá chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo a chomhlíonadh.

Airteagal 12 – Rochtain na n-oifigí um aisghabháil sócmhainní ar fhaisnéis

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a áirithiú go mbeidh rochtain thráthúil ag an oifig um aisghabháil sócmhainní ar an bhfaisnéis a theastaíonn uaithi chun tabhairt faoina feidhmeanna i gceart, faoi réir phrionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, agus gan dochar do choimircí nós imeachta náisiúnta.

2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, agus gan dochar d'Airteagail 9 agus 17 den Phrótacal seo, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh an méid seo a leanas ar a laghad ag an oifig um aisghabháil sócmhainní:

a. rochtain láithreach dhíreach ar fhaisnéis maidir le heastát réadach, saoránacht náisiúnta agus an pobal náisiúnta, eintitis tráchtála agus ghnó, feithiclí, aerárthaí, árthaí uisce agus

úinéireacht thairbhiúil, ar choinníoll go stóráiltear an fhaisnéis i gcláir nó i mbunachair sonraí láraithe nó idirnasctha atá i seilbh na n-údarás poiblí;

b. rochtain láithreach dhíreach, nó rochtain arna hiarraidh sin, ar fhaisnéis faoi mhorgáistí agus iasachtaí, faisnéis atá i mbunachair sonraí náisiúnta airgeadra agus malartaithe airgeadra, faisnéis faoi thrasnuithe teorann, sonraí custaim, lena n-áirítear aistrithe fisiceacha trasteorann airgid thirim agus ionstraimí soshannta iompróra, faisnéis faoi ráitis airgeadais cuideachtaí, agus faisnéis faoi aistrithe de dhroim sreinge, iarmhéideanna cuntais agus aistrithe sócmhainní fíorúla;

c. rochtain láithreach dhíreach, nó rochtain arna hiarraidh sin, ar fhaisnéis fhioscach, ar fhaisnéis slándála sóisialta agus ar fhaisnéis atá i seilbh na n-údarás atá inniúil chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, faoi na coinníollacha a bhunaítear leis an dlí náisiúnta.

3. Cuirfidh na Páirtithe cibé bearta is gá i bhfeidhm chun an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh agus chun coimircí a bhunú lena rialófar próiseáil na faisnéise is gá chun cuspóir an Airteagail seo a bhaint amach.

4. I gcás nach gcoinneofar an fhaisnéis a shonraítear i mír 2 den Airteagal seo i gcláir nó i mbunachair sonraí láraithe nó idirnasctha, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh rochtain ag an oifig um aisghabháil sócmhainní ar an bhfaisnéis sin trí shásraí eile ar bhealach cuíchóirithe caighdeánaithe.

Roinn 5 – Bainistíocht sócmhainní

Airteagal 13 – Prionsabail ghinearálta na bainistíochta

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun bainistiú cuí maoine reoite, urghafa nó coigistithe a áirithiú de bhun an Choinbhinsiúin agus an Phrótacail seo go dtí go ndéanfar í a dhiúscairt go críochnaitheach.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás ina mbeidh údar leis de bharr chineál na maoine, go ndéanfaidh na húdaráis inniúla atá freagrach as maoin reoite nó urghafa a bhainistiú measúnú ar an maoin a d'fhéadfadh a bheith ina hábhar d'ordú coigistíochta d'fhonn na costais bhainistíochta a mheastar a bheidh i gceist a íoslaghdú agus d'fhonn luach na maoine sin a chaomhnú go dtí go ndéanfar í a dhiúscairt.

Airteagal 14 – Oifig bainistíochta sócmhainní

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun údarás inniúil amháin nó níos mó a bhunú nó a ainmniú chun feidhmiú mar oifig bainistíochta sócmhainní chun bainistiú cuí maoine reoite, urghafa agus coigistithe a áirithiú.

2. Beidh na cúraimí seo a leanas ar na hoifigí bainistíochta sócmhainní:

an mhaoin a bhainistiú nó tacaíocht agus saineolas a chur ar fáil d'údaráis inniúla eile chun maoin den sórt sin a bhainistiú;

comhoibriú a dhéanamh agus faisnéis a mhalartú leis na húdaráis inniúla atá freagrach as maoin a shainaithint, a rianú, a reo, a urghabháil agus a choigistiú; agus

comhoibriú a dhéanamh leis na húdaráis inniúla atá freagrach as maoin reoite, urghafa agus choigistithe a bhainistiú i bPáirtithe eile.

3. Chun críocha mhír 2, fomhír *c* den Airteagal seo, ainmneoidh gach Páirtí dhá phointe teagmhála ar a mhéad a mbeidh an cumas acu cumarsáid a dhéanamh go tráthúil le pointí teagmhála na bPáirtithe eile agus déanfaidh sé, tráth an tsínithe nó tráth taiscthe a ionstraime

daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais, ainmneacha agus seoltaí a phointí teagmhála ainmnithe a chur in iúl d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

4. Chun mír 3 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm, féadfaidh Páirtí tríú pointe teagmhála a ainmniú i gcás inar gá sin de bhun a phrionsabal bunreachtúil.

Airteagal 15 – Díolachán réamhchoigistithe

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun gur féidir maoin urghafa agus reoite a dhíol, sula ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir leis an maoin urghafa nó reoite, sna cásanna seo a leanas:

tá an mhaoin meatach nó ag dímheas go gasta;

tá na costais stórála nó chothabhála míréasúnta i gcomparáid leis an margadhluach; nó

tá dálaí speisialta agus saineolas nach bhfuil fáil air go héasca ag teastáil chun an mhaoin a bhainistiú.

2. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a áirithiú go gcuirfear leasanna an duine dá ndéantar difear san áireamh agus ordú á eisiúint maidir le díolachán réamhchoigistithe maoine agus, cé is moite de chásanna inar éalaigh an duine dá ndéantar difear nó nach féidir an duine sin a aimsiú, go dtabharfar fógra don duine dá ndéantar difear agus, ach amháin i gcásanna práinne, go dtabharfar deis dó éisteacht a fháil roimh an díolachán. Beidh an deis ag an duine dá ndéantar difear a iarraidh go ndíolfar an mhaoin.

3. Déanfar tuilleamh ó dhíolacháin den sórt sin a dhaingniú agus a bhainistiú de bhun Airteagal 13 den Phrótacal seo go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir leis an maoin urghafa nó reoite.

Airteagal 16 – Úsáid maoine reoite, urghafa agus coigistithe

1. Breithneoidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha nó bearta eile is gá a ghlacadh chun go bhféadfar maoin choigistithe a úsáid, agus an t-ioncam a ghintear aisti, faoi na coinníollacha a leagtar amach sa dlí náisiúnta, chun críoch athúsáide sóisialta, ar mhaithe le leas an phobail nó le haghaidh aidhmeanna sonracha eile.

2. Féadfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha nó bearta eile is gá a ghlacadh chun úsáid maoine reoite nó urghafa a cheadú, faoi na coinníollacha a leagtar amach sa dlí náisiúnta, chun críoch athúsáide sóisialta, ar mhaithe le leas an phobail nó le haghaidh aidhmeanna sonracha eile.

Airteagal 17 – Faisnéis maidir le maoin reoite, urghafa agus choigistithe

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun uirlisí nó sásraí éifeachtúla a chur ar bun lena gcumasófar maoin reoite, urghafa nó choigistithe, agus, i gcás inarb iomchuí, luach iarbhír nó measta na maoine sin, a shainaithint go tráthúil.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh oifigí bainistíochta sócmhainní agus, i gcás inarb iomchuí, oifigí um aisghabháil sócmhainní agus údaráis inniúla eile in ann an fhaisnéis maidir le maoin reoite, urghafa agus choigistithe is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh a fháil go tráthúil, trí na huirlisí agus na sásraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

3. Cuirfidh na Páirtithe cibé bearta is gá i bhfeidhm chun an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh agus chun coimircí a bhunú lena rialófar próiseáil na faisnéise is gá chun cuspóir an Airteagail seo a bhaint amach.

Caibidil III – Comhar idirnáisiúnta

Roinn 1 – Prionsabail an chomhair idirnáisiúnta

Airteagal 18 – Prionsabail ghinearálta agus bearta ginearálta le haghaidh comhair idirnáisiúnta

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a áirithiú nach mbeidh forfheidhmiú orduithe reo, urghabhála nó coigistíochta eachtracha coinníollach ar imscrúdú intíre a dhéanamh. Beidh an fhoráil seo gan dochar do chumhacht na n-údarás inniúil sa Pháirtí iarrtha an t-ordú eachtrach a athbhreithniú agus aon ordú is gá a eisiúint chun éifeacht a thabhairt dó maidir le maoin atá lonnaithe ina chríoch.

2. Áiritheoidh na Páirtithe freisin nach ndiúltófar d'iarraidh ar bhearta sealadacha a dhéanamh ar an bhforas aonair gur údarás nach údarás breithiúnach é a rinne an t-ordú intíre ar a bhfuil sé bunaithe, i gcás ina n-ainmníonn an Páirtí iarrthach an t-údarás atá i gceist mar údarás inniúil agus i gcás ina ndearna údarás breithiúnach an t-ordú intíre atá i gceist a bhailíochtú sular tarchuireadh an iarraidh.

Airteagal 19 – Aistriú sonraí

1. Maidir le sonraí pearsanta a aistrítear ó Pháirtí amháin go Páirtí eile mar thoradh ar fhorghníomhú iarrata arna déanamh faoin gCoinbhinsiún nó faoin bPrótacal a ghabhann leis, ní fhéadfaidh an Páirtí ar aistríodh na sonraí sin chuige iad a úsáid ach amháin:

a. chun críche próiseas nó imeachtaí a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún nó ag a Phrótacal maidir leo;

b. le haghaidh imeachtaí breithiúnacha agus riaracháin eile a bhaineann go díreach leis na himeachtaí a luaitear faoi mhír 1, fomhír *a*, den Airteagal seo;

c. chun bagairt láithreach thromchúiseach don tslándáil phoiblí a chosc.

2. Féadfar sonraí den sórt sin a úsáid chun aon chríche eile, áfach, má tá toiliú roimh ré chuige sin tugtha ag an bPáirtí ónar aistríodh na sonraí nó an t-ábhar sonraí.

3. Féadfaidh aon Pháirtí diúltú sonraí pearsanta a fhaightear mar thoradh ar fhorghníomhú iarrata arna déanamh faoin gCoinbhinsiún nó faoin bPrótacal a ghabhann leis a aistriú sna cásanna seo a leanas:

a. nach féidir na sonraí sin a sholáthar i gcomhréir lena reachtaíocht intíre; agus/nó

b. nach bhfuil an Páirtí ar cheart na sonraí a aistriú chuige faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch, arna dhéanamh in Strasbourg an 28 Eanáir 1981, arna nuachóiriú ag an bprótacal lena leasaítear an coinbhinsiún sin (CETS Uimh. 223), arna dhéanamh in Strasbourg an 10 Deireadh Fómhair 2018, mura ngeallann an dara Páirtí sin an chosaint sin a thabhairt do na sonraí de réir mar a éilíonn an chéad Pháirtí.

4. Aon Pháirtí a aistríonn sonraí pearsanta a fhaightear mar thoradh ar fhorghníomhú iarrata arna déanamh faoin gCoinbhinsiún nó faoin bPrótacal a ghabhann leis, féadfaidh sé a cheangal ar an bPáirtí ar aistríodh na sonraí chuige faisnéis a thabhairt maidir leis an úsáid a baineadh as na sonraí sin.

5. Féadfaidh aon Pháirtí, trí dhearbhú a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, a cheangal, faoi chuimsiú na nósanna imeachta a bhféadfadh tarchur nó úsáid sonraí pearsanta a bheith diúltaithe nó teoranta ina leith i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin nó a Phrótacail, i gcás sonraí pearsanta a tharchuireann sé chuig Páirtí eile, nach n-úsáidfidh an dara Páirtí sin iad chun críocha mhír 1 den Airteagal seo mura dtugann sé toiliú leis sin roimh ré.

Roinn 2 – Cúnamh imscrúdaitheach

Airteagal 20 – Iarrataí ar fhaisnéis maidir le cuntais a shealbhaítear in institiúidí airgeadais nó i soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla

1. Déanfaidh gach Páirtí, faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo, na bearta is gá chun a chinneadh, mar fhreagra ar iarraidh arna seoladh ag Páirtí eile, an bhfuil ag duine nádúrtha nó dlítheanach is ábhar d'imscrúdú coiriúil cuntas amháin nó níos mó, nó an rialaíonn sé cuntas amháin nó níos mó, de chineál ar bith, in aon institiúid airgeadais nó soláthraí seirbhíse sócmhainní fíorúla atá lonnaithe ina chríoch agus, má tá nó má rialaíonn, soláthróidh sé don Pháirtí iarrthach sonraí na gcuntas sainaitheanta, lena n-áirítear na taifid uile atá i seilbh institiúidí airgeadais nó soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla de bhun a n-oibleagáidí díchill chuí do chustaiméirí, mar a shainmhínítear in Airteagal 13, mír 2, fomhíreanna *a*.i agus iii, den Choinbhinsiún.

2. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach san Airteagal seo ach amháin a mhéid a bheidh an fhaisnéis i seilbh an bhainc a bhfuil an cuntas á choimeád aige.

3. De bhreis ar cheanglais Airteagal 37 den Choinbhinsiún, déanfaidh an páirtí iarrthach, ina iarraidh:

a lua cén fáth a measann sé gur dócha luach substaintiúil, chun críoch an imscrúdaithe choiriúil ar an gcion, a bheith san fhaisnéis a iarradh;

a chur in iúl cé na forais ar a dtoimhdíonn sé go bhfuil an cuntas i seilbh institiúidí airgeadais nó soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla sa Pháirtí iarrtha, agus a shonrú, a mhéid is féidir, cé na hinstitiúidí airgeadais nó soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla agus/nó na cuntais a d'fhéadfadh a bheith i gceist; agus

aon fhaisnéis bhreise atá ar fáil dó a sholáthar ar faisnéis í a dhéanfadh éascaíocht d'fhorghníomhú na hiarrata.

4. Maidir le forghníomhú iarrata den sórt sin, feadfaidh an Páirtí iarrtha a chinneadh go mbeidh an forghníomhú sin faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha céanna atá i bhfeidhm aige maidir le hiarrataí ar chuardach agus ar urghabháil.

5. Féadfaidh gach Páirtí, tráth an tsínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasta nó aontachais, trí dhearbhú a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, a cheart a fhorchoimeád gan an t-airteagal seo a chur i bhfeidhm ach maidir le sciúradh airgid, maoiniú na sceimhlitheoireachta agus na catagóirí cionta atá san aguisín a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Airteagal 21 – Iarrataí ar fhaisnéis maidir le hidirbhearta arna ndéanamh ag institiúidí airgeadais agus ag soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla

1. Ar iarraidh do Pháirtí eile, cuirfidh an Páirtí iarrtha ar fáil na sonraí i dtaobh cuntais shonraithe atá i seilbh institiúidí airgeadais nó soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla, agus i dtaobh oibríochtaí a rinneadh le linn tréimhse shonraithe trí chuntas amháin nó níos mó arna sonrú san iarraidh, lena n-áirítear sonraí aon chuntais seolta nó aon chuntais fála.

2. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach san Airteagal seo ach amháin a mhéid a bheidh an fhaisnéis i seilbh na hinstitiúide airgeadais nó an tsoláthraí seirbhíse sócmhainní fíorúla a bhfuil an cuntas á shealbhú aige.

3. De bhreis ar cheanglais Airteagal 37 den Choinbhinsiún, cuirfidh an Páirtí iarrthach in iúl ina iarraidh cén fáth a measann sé go bhfuil an fhaisnéis a iarradh ábhartha chun críocha an imscrúdaithe choiriúil maidir leis an gcion.

4. Maidir le forghníomhú iarrata den sórt sin, feadfaidh an Páirtí iarrtha a chinneadh go mbeidh an forghníomhú sin faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha céanna atá i bhfeidhm aige maidir le hiarrataí ar chuardach agus ar urghabháil.

Airteagal 22 – Iarrataí ar fhaireachán a dhéanamh ar idirbhearta a dhéanann institiúidí airgeadais agus soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla

1. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh sé, ar iarraidh ó Pháirtí eile, faireachán a dhéanamh, le linn tréimhse shonraithe, ar na hoibríochtaí atá á gcur i gcrích ag institiúidí airgeadais agus ag soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla trí chuntas amháin nó níos mó a shonraítear san iarraidh agus torthaí an fhaireacháin a chur in iúl don Pháirtí iarrthach.

2. De bhreis ar cheanglais Airteagal 37 den Choinbhinsiún, cuirfidh an Páirtí iarrthach in iúl ina iarraidh cén fáth a measann sé go bhfuil an fhaisnéis a iarradh ábhartha chun críocha an imscrúdaithe choiriúil maidir leis an gcion.

3. Is iad údaráis inniúla an Pháirtí iarrtha a dhéanfaidh an cinneadh faireachán a dhéanamh i ngach cás aonair, agus aird chuí á tabhairt ar dhlí náisiúnta an Pháirtí sin.

4. Comhaontófar na sonraí praiticiúla maidir leis an bhfaireachán idir údaráis inniúla na bPáirtithe iarrthacha agus na bPáirtithe iarrtha.

Airteagal 23 – Foirne comhpháirteacha um imscrúdú chun maoin atá inchoigistithe a aisghabháil

1. Féadfaidh údaráis inniúla dhá Pháirtí nó níos mó, trí chomhaontú frithpháirteach, foireann chomhpháirteach um imscrúdú a bhunú agus a oibriú ina gcríocha chun maoin atá inchoigistithe de bhun an Choinbhinsiúin agus an Phrótacail seo a aisghabháil, i gcás ina meastar go mbeadh comhordú feabhsaithe an-úsáideach. Bunófar foirne den sórt sin go ceann tréimhse theoranta, ar féidir síneadh a chur léi de chomhthoil, agus cinnfear a gcomhdhéanamh sa chomhaontú lena mbunófar an fhoireann. Féadfar foireann chomhpháirteach um imscrúdú a chur ar bun sna cásanna seo a leanas go háirithe:

a. i gcás ina bhfuil gá le himscrúduithe deacra éilitheacha a mbaineann naisc le Páirtithe eile leo in imscrúduithe arna ndéanamh ag Páirtí amháin ar mhaoin atá inchoigistithe de bhun an Choinbhinsiúin agus an Phrótacail seo; nó

b. i gcás ina bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe chomhbheartaithe sna Páirtithe lena mbaineann in imscrúduithe arna ndéanamh ag roinnt Páirtithe de bhun an Choinbhinsiúin agus an Phrótacail seo.

Féadfaidh aon cheann de na Páirtithe lena mbaineann a iarraidh go mbunófaí foireann chomhpháirteach um imscrúdú. Bunófar an fhoireann i gceann de na Páirtithe ina bhfuiltear ag súil go ndéanfar na himscrúduithe.

2. Áireofar an méid seo a leanas in iarrataí chun foireann chomhpháirteach um imscrúdú a bhunú:

a. an t-údarás a dhéanann an iarraidh;

b. cuspóir na hiarrata agus an chúis atá léi;

c. i gcás inar féidir, aon fhaisnéis eile atá ábhartha don imscrúdú;

d. i gcás inarb eol sin agus inarb iomchuí, ainm agus seoladh na ndaoine dá ndéantar difear;

e. tograí maidir le comhdhéanamh na foirne.

3. Oibreoidh foireann chomhpháirteach um imscrúdú i gcríoch na bPáirtithe a bhfuil an fhoireann á cur ar bun acu, faoi na coinníollacha ginearálta seo a leanas:

a. beidh ceannaire na foirne ina ionadaí den údarás inniúil atá i gceannas ar an imscrúdú sa Pháirtí ina n-oibríonn an fhoireann. Gníomhóidh ceannaire na foirne laistigh de theorainneacha a inniúlachta faoin dlí náisiúnta;

b. déanfaidh an fhoireann a cuid oibríochtaí i gcomhréir le dlí an Pháirtí ina n-oibríonn sí. Déanfaidh na comhaltaí agus comhaltaí ar iasacht den fhoireann a gcúraimí faoi cheannaireacht an duine dá dtagraítear i mír 3, fomhír *a*, den Airteagal seo, agus na coinníollacha arna leagan síos ag a n-údaráis féin sa chomhaontú maidir leis an bhfoireann a chur ar bun á gcur san áireamh;

c. Déanfaidh an Páirtí ina n-oibríonn an fhoireann na socruithe eagrúcháin is gá chun é sin a dhéanamh.

4. San Airteagal seo, tugtar ‘comhaltaí’ ar chomhaltaí den foireann chomhpháirteach um imscrúdú ón bPáirtí ina n-oibríonn an fhoireann, agus tugtar ‘comhaltaí ar iasacht’ ar chomhaltaí ó Pháirtithe seachas an Páirtí ina n-oibríonn an fhoireann.

5. Beidh comhaltaí ar iasacht den fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú i dteideal a bheith i láthair nuair a dhéanfar bearta imscrúdaitheacha sa Pháirtí oibríochta. Mar sin féin, féadfaidh ceannaire na foirne, ar chúiseanna ar leith, i gcomhréir le dlí an Pháirtí ina n-oibríonn an fhoireann, a mhalairt a chinneadh.

6. Féadfaidh ceannaire na foirne, i gcomhréir le dlí an Pháirtí ina n-oibríonn an fhoireann, a chur de chúram ar chomhaltaí ar iasacht den fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú bearta imscrúdaitheacha áirithe a dhéanamh i gcás ina mbeidh sé sin formheasta ag údaráis inniúla an Pháirtí oibríochta agus an Pháirtí tionscnaimh.

7. I gcás inar gá don fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú bearta imscrúdaitheacha a dhéanamh i gceann de na Páirtithe a bhfuil an fhoireann á cur ar bun acu, féadfaidh comhaltaí a thabharfaidh an Páirtí sin ar iasacht don fhoireann a iarraidh ar a n-údaráis inniúla féin na bearta sin a dhéanamh. Déanfar na bearta sin a mheas sa Pháirtí sin faoi na coinníollacha a bheadh i bhfeidhm dá n-iarrfaí in imscrúdú náisiúnta iad.

8. I gcás ina mbeadh cúnamh de dhíth ar an bhfoireann chomhpháirteach um imscrúdú ó Pháirtí seachas na Páirtithe sin a bhunaigh an fhoireann, nó ó thríú Stát, féadfaidh údaráis inniúla an Stáit oibríochta an iarraidh ar chúnamh a chur faoi bhráid údaráis inniúla an Stáit eile lena mbaineann, i gcomhréir leis na hionstraimí nó na socruithe ábhartha.

9. Féadfaidh comhalta ar iasacht den fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta agus laistigh de theorainneacha a inniúlachta, faisnéis atá ar fáil sa Pháirtí a thug ar iasacht é a sholáthar don fhoireann chun críocha na n-imscrúduithe arna seoladh ag an bhfoireann.

10. Faisnéis a fhaigheann comhalta nó comhalta ar iasacht go dleathach le linn dó a bheith mar chuid d’fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú, ar faisnéis í nach bhfuil ar fáil ar shlí eile d’údaráis inniúla na bPáirtithe lena mbaineann, féadfar í a úsáid chun na gcríoch seo a leanas:

a. chun na gcríoch dár cuireadh an fhoireann ar bun;

b. faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón bPáirtí inar tháinig an fhaisnéis chun bheith ar fáil, chun cionta coiriúla a bhrath agus a ionchúiseamh. Ní fhéadfar an toiliú sin a choinneáil siar ach amháin i gcásanna ina gcuirfeadh an úsáid sin imscrúduithe coiriúla i mbaol sa Pháirtí lena mbaineann nó ina bhféadfadh an Páirtí sin cúnamh frithpháirteach a dhiúltú ina leith de bhun an Choinbhinsiúin Eorpaigh maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla (ETS Uimh. 30) agus na bprótacal a ghabhann leis;

c. chun bagairt láithreach thromchúiseach ar an tslándáil phoiblí a chosc agus, gan dochar do mhír 10, fomhír *b*, má thionscnaítear imscrúdú coiriúil ina dhiaidh sin;

d. chun críoch eile, a mhéid a chomhaontófar é sin idir na Páirtithe a bhfuil an fhoireann á cur ar bun acu.

11. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d'aon fhorálacha nó socruithe eile atá ann cheana maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú a chur ar bun nó a oibriú.

12. A mhéid a cheadaítear le dlíthe na bPáirtithe lena mbaineann nó le forálacha aon ionstraime dlí is infheidhme eatarthu, féadfar socruithe a chomhaontú le haghaidh daoine seachas ionadaithe údaráis inniúla na bPáirtithe a bhfuil an fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú á cur ar bun acu chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na foirne. Na cearta a thugtar do chomhaltaí nó comhaltaí ar iasacht den fhoireann de bhua an Airteagail seo, ní bheidh feidhm acu maidir leis na daoine sin mura sonraítear a mhalairt go sainráite sa chomhaontú.

Roinn 3 – Foirmeacha caighdeánacha

Airteagal 24 – Foirm chaighdeánach chun maoin a reo nó a urghabháil

1. Gan dochar d'Airteagal 35, mír 1, den Choinbhinsiún, chun reo nó urghabháil maoine a iarraidh de réir bhrí Airteagal 21 den Choinbhinsiún, comhlánóidh na Páirtithe an fhoirm chaighdeánach arna glacadh ag Comhdháil na bPáirtithe arna bunú faoin gCoinbhinsiún de bhun Airteagal 35 den Phrótacal seo, síneoidh siad í agus deimhneoidh siad go bhfuil a hinneachar cruinn ceart.

2. Cuirfidh an Páirtí iarrthach aistriúchán ar an bhfoirm chaighdeánach ar fáil don Pháirtí iarrtha i dteanga oifigiúil de chuid an Pháirtí iarrtha nó in aon teanga eile a nglacfaidh an Páirtí iarrtha léi. Beidh feidhm *mutatis mutandis* chun na críche sin ag na dearbhuithe a dhéanfaidh na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 35, mír 3, den Choinbhinsiún. Ní sholáthrófar aistriúchán ar an gcinneadh, ar a bhfuil an fhoirm bunaithe, ach amháin arna iarraidh sin d'údaráis inniúla an Pháirtí iarrtha más gá an cinneadh sin a cheadú.

3. Féadfar diúltú d'iarraidh ar mhaoin a reo nó a urghabháil arna déanamh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, má tá an fhoirm chaighdeánach neamhiomlán nó más follasach go bhfuil sí mícheart agus nár comhlánaíodh í ná nár ceartaíodh í tar éis comhairliúchán idir na Páirtithe iarrtha agus iarrthacha, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Choinbhinsiún.

4. Beidh feidhm ag an Airteagal seo ón lá a ghlacfaidh Comhdháil na bPáirtithe na foirmeacha caighdeánacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 25 – Foirm chaighdeánach chun maoin a choigistiú

1. Gan dochar d'Airteagal 35, mír 1, den Choinbhinsiún, chun coigistiú maoine a iarraidh de réir bhrí Airteagal 23 den Choinbhinsiún, comhlánóidh na Páirtithe an fhoirm chaighdeánach arna glacadh ag Comhdháil na bPáirtithe arna bunú faoin gCoinbhinsiún de bhun Airteagal 35 den Phrótacal seo, síneoidh siad í agus deimhneoidh siad go bhfuil a hinneachar cruinn ceart.

2. Cuirfidh an Páirtí iarrthach aistriúchán ar an bhfoirm chaighdeánach ar fáil don Pháirtí iarrtha i dteanga oifigiúil de chuid an Pháirtí iarrtha nó in aon teanga eile a nglacfaidh an Páirtí iarrtha léi. Beidh feidhm *mutatis mutandis* chun na críche sin ag na dearbhuithe a dhéanfaidh na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 35, mír 3, den Choinbhinsiún. Ní sholáthrófar aistriúchán ar an gcinneadh, ar a bhfuil an fhoirm bunaithe, ach amháin arna iarraidh sin d'údaráis inniúla an Pháirtí iarrtha más gá an cinneadh sin a cheadú.

3. Féadfar diúltú d'iarraidh ar choigistiú maoine arna déanamh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo má tá an fhoirm chaighdeánach neamhiomlán nó más follasach go bhfuil sí

mícheart agus nár comhlánaíodh í ná nár ceartaíodh í tar éis comhairliúchán idir na Páirtithe iarrtha agus iarrthacha, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Choinbhinsiún.

4. Beidh feidhm ag an Airteagal seo ón lá a ghlacfaidh Comhdháil na bPáirtithe na foirmeacha caighdeánacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Roinn 4 – Maoin a thabhairt ar ais agus a chomhroinnt

Airteagal 26 – Maoin a thabhairt ar ais

1. Agus iad ag gníomhú ar iarraidh ó Pháirtí eile i gcomhréir le hAirteagail 23 agus 24 den Choinbhinsiún, tabharfaidh Páirtithe tús áite ina mbreithniú, má iarrtar amhlaidh, don mhaoin choigistithe a thabhairt ar ais don Pháirtí iarrthach ionas gur féidir leis cúiteamh a thabhairt d'íospartaigh na coire nó an mhaoin sin a thabhairt ar ais dá húinéirí dlisteanacha.

2. Agus iad ag gníomhú ar iarraidh ó Pháirtí eile i gcomhréir le hAirteagail 21 agus 22 den Choinbhinsiún, tabharfaidh na Páirtithe tús áite ina mbreithniú freisin, má iarrtar amhlaidh, do mhaoin reoite nó urghafa a thabhairt ar ais don Pháirtí iarrthach sula ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir lena coigistiú, ionas gur féidir leis an mhaoin sin a thabhairt ar ais dá húinéirí dlisteanacha, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

a. go bhfuil teideal an úinéara dhlisteanaigh chun na maoine suite agus nach bhfuil sé á chonspóid;

b. nach bhfuil an mhaoin ag teastáil mar fhianaise in imeachtaí coiriúla sa Pháirtí iarrtha; agus

c. nach ndéantar dochar do chearta na ndaoine dá ndéantar difear.

3. Agus iad ag gníomhú ar iarraidh ó Pháirtí eile i gcomhréir le hAirteagail 21 agus 22 den Choinbhinsiún, féadfaidh na Páirtithe freisin, má iarrtar orthu amhlaidh, tús áite ina mbreithniú a thabhairt do mhaoin reoite nó urghafa a thabhairt ar ais don Pháirtí iarrthach sula ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir lena coigistiú ionas gur féidir leis cúiteamh a thabhairt d'íospartaigh na coire, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

a. gur cinneadh críochnaitheach é an cinneadh maidir le cúiteamh;

b. Nach bhfuil an mhaoin atá le diúscairt chun an t-íospartach a chúiteamh ag teastáil mar fhianaise in imeachtaí coiriúla sa Pháirtí iarrtha; agus

c. nach ndéantar dochar do chearta na ndaoine dá ndéantar difear.

Airteagal 27 – Maoin a chomhroinnt

1. Gan dochar d'Airteagail 25 agus 32 den Choinbhinsiún, d'Airteagail 26 agus 31 den Phrótacal seo ná do chearta úinéirí agus íospartach dlisteanach inaitheanta, i gcás ina bhfaightear airgead mar thoradh ar fhorghníomhú ordú coigistíochta i gcomhréir le hAirteagail 23 agus 24 den Choinbhinsiún agus inar mó an méid a fhaightear ná EUR 10 000 nó a choibhéis in airgeadra in-chomhshóite, roinnfear go cothrom é idir an Páirtí iarrthach agus an Páirtí iarrtha, mura gcomhaontaítear a mhalairt ar bhonn cás ar chás. Maidir le maoin choigistithe seachas airgead, rachaidh na Páirtithe iarrthacha agus iarrtha i gcomhairle maidir leis na socruithe iomchuí chun an mhaoin atá i gceist a dhiúscairt.

2. Agus maoin á comhroinnt acu de bhun mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Páirtithe iarrthacha agus iarrtha a chomhaontú Páirtithe eile a rannchuidigh le haisghabháil rathúil na maoine a áireamh sa socrú comhroinnte. Thairis sin, féadfaidh na Páirtithe a chinneadh maoin arna coigistiú i gcomhréir le hordú coigistíochta intíre a chomhroinnt le Páirtithe a chuir cúnamh imscrúdaitheach nó cúnamh eile ar fáil i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún nó leis an bPrótacal seo, i gcás ina raibh an cúnamh sin ina chuidiú maidir leis an gcoigistiú rathúil.

3. I gcás ina mbeidh maoin choigistithe le comhroinnt idir na Páirtithe iarrthacha agus iarrtha i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh an Páirtí iarrtha costais de chineál substaintiúil nó urghnách a asbhaint ar dtús, ar costais iad a raibh gá leo chun iarrataí faoin bPrótacal seo nó faoin gCoinbhinsiún a chomhlíonadh agus lenar éascaíodh coigistiú na maoine lena mbaineann.

Roinn 5 – An t-aonad um fhaisnéis airgeadais

Airteagal 28 – Comhar idirnáisiúnta maidir le toiliú a chur ar fionraí nó a choinneáil siar i gcás idirbhearta, cuntais agus gaolmhaireachtaí gnó amhrasacha

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun go bhféadfaidh aonad um fhaisnéis airgeadais gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh, arna iarraidh sin d'aonad eachtrach um fhaisnéis airgeadais, i gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil baint ag idirbheart, cuntas amhail cuntas bainc, urrús, íocaíochta nó sócmhainní fíorúla nó gaolmhaireacht gnó le sciúradh airgid, le maoiniú na sceimhlitheoireachta nó le haon cheann de na catagóirí cionta san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, chun úsáid an chuntais sin, na gaolmhaireachta gnó nó an idirbhirt a chur ar fionraí nó toiliú chun leanúint ar aghaidh leis an idirbheart a choinneáil siar.

2. Beidh an fhionraí i bhfeidhm ar feadh na dtréimhsí sin agus faoi réir na gcoinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu i ndlí náisiúnta an Pháirtí iarrtha i leith na cumhachta sin.

3. Déanfar an ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcás inar deimhin leis an aonad faisnéise airgeadais iarrtha, tar éis don aonad faisnéise airgeadais iarrthach údar cuí a thabhairt dó, go mbeadh úsáid an chuntais, na gaolmhaireachta gnó nó an idirbhirt a bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leis curtha ar fionraí nó go mbeadh toiliú chun leanúint ar aghaidh leis an idirbheart coinnithe siar i gcás amhras a bheith tarraingthe faoin gcuntas, faoin ngaolmhaireacht gnó nó faoin idirbheart ar an leibhéal náisiúnta.

4. Féadfaidh gach Páirtí, tráth an tsínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasta nó aontachais, trí dhearbhú a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, a cheart a fhorchoimeád gan an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le fionraí cuntas agus gaolmhaireachtaí gnó.

Roinn 6 – Oifigí um aisghabháil sócmhainní

Airteagal 29 – Comhar idirnáisiúnta idir oifigí um aisghabháil sócmhainní

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a áirithiú go malartóidh a oifig um aisghabháil sócmhainní faisnéis leis na hoifigí um aisghabháil sócmhainní de chuid na bPáirtithe eile, go spontáineach nó arna iarraidh sin, chun maoin atá inchoigistithe a shainaithint agus a rianú. Luafar in iarrataí ar fhaisnéis na cúiseanna atá leis an iarraidh agus áireofar iontu aon fhaisnéis atá ar fáil a d'fhéadfadh sainaithint na maoine a éascú.

2. Féadfar malartú faisnéise de bhun mhír 1 den Airteagal seo a dhiúltú más rud é:

a. gur dócha go ndéanfaidh forghníomhú na hiarrata dochar do cheannasacht, do shlándáil, d'ord poiblí nó do leas fíor-riachtanach eile an Pháirtí iarrtha;

b. gur dócha go ndéanfaidh forghníomhú na hiarrata dochar d'imscrúduithe nó d'imeachtaí reatha, nó go mbeadh garbhaol ann do bheatha nó do shláine fhisiciúil duine;

c. gur léir go bhfuil forghníomhú na hiarrata díréireach nó neamhábhartha maidir leis na críocha dá ndearnadh í;

d. gur cion polaitiúil é an cion lena mbaineann an iarraidh, cé is moite de mhaoiniú na sceimhlitheoireachta; nó

e. go measann an Páirtí iarrtha go mbeadh comhlíonadh na gníomhaíochta atá á lorg contrártha don phrionsabal *ne bis in idem*.

3. Rachaidh an oifig um aisghabháil sócmhainní iarrtha i gcomhairle leis an oifig um aisghabháil sócmhainní iarrthach sula ndiúltóidh sí d'iarraidh. Míneofar go hiomchuí aon diúltú faisnéis a chur ar fáil.

4. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a áirithiú go dtabharfaidh an oifig um aisghabháil sócmhainní freagra go pras ar iarrataí réasúnaithe agus, mura gcuirtear cosc uirthi déanamh amhlaidh ar chúiseanna dosháraithe, laistigh de 14 lá i gcás iarrataí neamhphráinneacha agus laistigh de 3 lá i gcás iarrataí práinneacha a bhaineann le bunachair sonraí a bhfuil rochtain dhíreach ag an oifig um aisghabháil sócmhainní orthu. I gcás nach bhfuil rochtain ar an bhfaisnéis a iarrtar ach go hindíreach, nó i gcás ina bhforchuirfí ualach díréireach leis an iarraidh, féadfaidh an oifig um aisghabháil sócmhainní iarrtha síneadh a chur leis an teorainn ama chun freagra a thabhairt go 21 lá i gcás iarrataí neamhphráinneacha agus go 7 lá i gcás iarrataí práinneacha. I gcás ina measann an oifig um aisghabháil sócmhainní iarrtha nach mbeidh sí in ann na teorainneacha ama is infheidhme a chomhlíonadh, cuirfidh sí an oifig um aisghabháil sócmhainní iarrthach ar an eolas go pras.

5. Chun comhar trasteorann idir oifigí um aisghabháil sócmhainní a éascú, ainmneoidh gach Páirtí dhá phointe teagmhála ar a mhéad a mbeidh sé d'acmhainn acu cumarsáid a dhéanamh go tráthúil le pointí teagmhála na bPáirtithe eile agus déanfaidh sé, tráth an tsínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais, ainmneacha agus seoltaí a phointí teagmhála ainmnithe a chur in iúl d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

6. Chun mír 5 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm, féadfaidh Páirtí tríú pointe teagmhála a ainmniú i gcás inar gá sin de bhun a phrionsabail bhunreachtúla.

Roinn 7 – Bainistíocht sócmhainní

Airteagal 30 – Bainistiú maoine reoite, urghafa nó coigistithe arna iarraidh sin do Pháirtí eile

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag Airteagal 6 den Choinbhinsiún agus ag Airteagail 15 agus 17 den Phrótacal seo maidir le maoin arna reo, arna hurghabháil nó arna coigistiú arna iarraidh sin do Pháirtí eile.

2. Is le dlí an Pháirtí iarrtha a rialófar bainistiú maoine reoite, urghafa nó coigistithe arna iarraidh sin do Pháirtí eile.

Caibidil IV – Coimircí, oiliúint agus acmhainní

Airteagal 31 – Coimircí agus leigheasanna

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh bunú, cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na gcumhachtaí agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Phrótacal seo faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá bhforáiltear faoina dhlí náisiúnta, lena n-áiritheofar cosaint leordhóthanach do chearta agus saoirsí an duine, agus lena n-ionchorprófar prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta.

2. Gan dochar d'Airteagal 8 den Choinbhinsiún, glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá chun a áirithiú go mbeidh an ceart ag na daoine dá ndéantar difear le bearta sealadacha, lena n-áirítear bearta dá bhforáiltear in Airteagal 6 den Phrótacal seo, orduithe díolacháin réamhchoigistithe nó coigistiú de bhun an Choinbhinsiúin nó an

Phrótacail seo, chun leigheas éifeachtach dlí agus triail chóir a fháil chun a gcearta a chosaint. Ráthóidh na páirtithe cearta na cosanta freisin.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear toghairm chun na n-imeachtaí coigistíochta ar na daoine dá ndéantar difear le beart coigistíochta de bhun an Choinbhinsiúin nó an Phrótacail seo.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh cúirt forghníomhú ordaithe díolacháin réamhchoigistithe a chur ar fionraí, más rud é go ndéanfaí dochar doleasaithe don duine dá ndéantar difear á cheal.

Airteagal 32 – Fógra faoi chinntí

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar cinntí maidir le bearta sealadacha agus coigistiú de bhun an Choinbhinsiúin agus an Phrótacail seo, mar aon le cinntí maidir le díolachán réamhchoigistithe maoine, a chur in iúl do na daoine dá ndéantar difear gan moill mhíchuí. Leagfar amach sna cinntí sin na cúiseanna atá leis an mbeart agus na cearta agus na leigheasanna dlí atá ar fáil don duine dá ndéantar difear.

2. Féadfaidh Páirtí cead a thabhairt dá údaráis inniúla fógra don duine lena mbaineann faoi chinntí maidir le bearta sealadacha a chur siar go ceann cibé tréimhse is gá chun nach gcuirfí imscrúdú coiriúil nó airgeadais i mbaol.

Airteagal 33 – Bearta slándála

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh oifigí um aisghabháil sócmhainní gach beart is gá, lena n-áirítear bearta slándála, chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ag daoine neamhúdaraithe ar fhaisnéis a phróiseáiltear faoi Airteagail 9, 12, 17 agus 29 den Phrótacal seo.

2. Déanfaidh na Páirtithe na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar cumarsáid idir oifigí um aisghabháil sócmhainní trí bhealaí slána.

Airteagal 34 – Acmhainní agus oiliúint

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha nó bearta eile is gá chun a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais, daonna agus teicniúla ag oifigí um aisghabháil sócmhainní agus ag oifigí bainistíochta sócmhainní chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích go héifeachtach.

2. Gan dochar do neamhspleáchas breithiúnach ná do dhifríochtaí in eagrú na mbreithiúna, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh oiliúint leordhóthanach ar fáil do na húdaráis inniúla a bhfuil baint acu le himscrúduithe airgeadais, le sócmhainní a shainaithint, a rianú, a reo, a urghabháil, a bhainistiú agus a choigistiú.

Caibidil V – Sásra faireacháin agus réiteach díospóidí

Airteagal 35 – Sásra faireacháin agus réiteach díospóidí

1. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 48 den Choinbhinsiún maidir leis an bPrótacal seo. Comhlíonfaidh Comhdháil na bPáirtithe a bhunaítear faoin gCoinbhinsiún na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 48 den Choinbhinsiún chun críocha an Phrótacail seo, ag teacht le chéile di i gcomhdhéanamh atá teoranta do na Páirtithe sa Phrótacal seo, i gcás inarb iomchuí.

2. Glacfaidh Comhdháil na bPáirtithe, ag teacht le chéile di i gcomhdhéanamh atá teoranta do na Páirtithe sa Phrótacal seo, foirmeacha caighdeánacha dá bhforáiltear in Airteagail 24 agus 25 den Phrótacal seo.

3. Éascóidh Comhdháil na bPáirtithe malartú faisnéise faoi fhorbairtí suntasacha dlíthiúla, beartais nó praiticiúla a bhaineann leis na réimsí a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún agus leis an bPrótacal seo.

Caibidil VI – Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 36 – An gaol leis an gCoinbhinsiún

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha an Choinbhinsiúin maidir le forálacha an Phrótacail seo.

Airteagal 37 – Síniú agus daingniú

Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú ag sínitheoirí leis an gCoinbhinsiún. Beidh sé faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasta. Ní fhéadfaidh sínitheoir an Prótacal seo a dhaingniú, a ghlacadh ná a fhormheas mura mbeidh sé curtha in iúl aige roimhe sin nó an tráth céanna go dtoilíonn sé a bheith faoi cheangal ag forálacha an Choinbhinsiúin. Déanfar ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasa a thaisceadh le hArdrúnaí Chomhairle na hEorpa.

Airteagal 38 – Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Prótacal sin i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a léireoidh cúig shínitheoir, ar Ballstáit de Chomhairle na hEorpa trí cinn ar a laghad díobh, go dtoilíonn siad a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal, i gcomhréir le forálacha mhír 37.

2. Maidir le haon sínitheoir a chuirfidh in iúl ina dhiaidh sin go dtoilíonn sé a bheith faoi cheangal aige, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a thaiscfear a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasa.

Airteagal 39 – Aontachas

1. Tar éis don Phrótacal seo teacht i bhfeidhm, féadfaidh aon Pháirtí sa Choinbhinsiún aontú don Phrótacal seo freisin.

2. Maidir le haon Pháirtí a aontaíonn don Phrótacal seo faoi mhír 1 den Airteagal seo, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a thaiscfear an ionstraim aontachais le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

Airteagal 40 - Cur i bhfeidhm críochach

1. Féadfaidh aon Stát nó an tAontas Eorpach, tráth shíniú an Phrótacail sin nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasta nó aontachais, an chríoch nó na críocha a mbeidh feidhm ag an bPrótacal maidir léi nó leo a shonrú.

2. Féadfaidh aon Pháirtí, aon tráth níos déanaí, le dearbhú arna dhíriú ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, cur i bhfeidhm an Phrótacail sin a leathnú go gcumhdóidh sé aon chríoch eile arna sonrú sa dearbhú agus a bhfuil sé freagrach as a caidreamh idirnáisiúnta nó a n-údaraítear é gealltanais a thabhairt thar a ceann. Maidir le críoch den sórt sin, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a bhfaighidh an tArd-Rúnaí an dearbhú.

3. Féadfar aon dearbhú a dhéanfar faoi mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a tharraingt siar, i leith aon chríche a shonrófar in aon dearbhú den sórt sin, trí fhógra a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa. Tiocfaidh an tarraingt siar i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh deireadh tréimhse 3 mhí tar éis an dáta a gheobhaidh an tArdrúnaí an fógra sin.

Airteagal 41 - Séanadh

1. Féadfaidh aon Pháirtí, aon tráth, an Prótacal sin a shéanadh trí bhíthin fógra arna dhíriú ar Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa.

2. Tiocfaidh an séanadh sin in éifeacht an chéad lá den mhí i ndiaidh deireadh tréimhse 3 mhí tar éis an dáta a gheobhaidh an tArdrúnaí an fógra sin.

3. Is go huathoibríoch a bheidh séanadh an Phrótacail seo i gceist le séanadh an Choinbhinsiúin.

Airteagal 42 – An gaol le coinbhinsiúin agus comhaontuithe eile

1. Ní dhéanann an Prótacal seo difear do chearta ná do ghealltanais Páirtithe a dhíorthaítear ó ionstraimí iltaobhacha idirnáisiúnta a bhaineann le hábhair speisialta.

2. Féadfaidh na Páirtithe sa Phrótacal sin comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha a thabhairt i gcrích lena chéile maidir leis na hábhair a ndéileáiltear leo sa Phrótacal sin, chun a fhorálacha a fhorlíonadh nó a neartú nó chun cur i bhfeidhm na bprionsabal atá corpraithe ann a éascú.

3. Má tá comhaontú nó conradh tugtha i gcrích cheana féin ag dhá Pháirtí nó níos mó i leith ábhar a ndéileáiltear leis sa Phrótacal sin nó má bhunaigh siad a gcaidreamh i leith an ábhair sin ar shlí eile, beidh siad i dteideal an comhaontú nó an conradh sin a chur i bhfeidhm nó an caidreamh sin a rialáil dá réir sin, in ionad an Phrótacail sin, má éascaítear leis comhar idirnáisiúnta.

4. Déanfaidh Páirtithe atá ina mbaill den Aontas Eorpach, ina gcaidreamh frithpháirteach, rialacha an Chomhphobail Eorpaigh agus an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm a mhéid atá rialacha Comhphobail nó Aontais Eorpaigh ann lena rialaítear an t-ábhar áirithe lena mbaineann agus a bheidh infheidhme maidir leis an gcás sonrach, gan dochar do chuspóir agus d'aidhm an Phrótacail sin agus gan dochar dá chur i bhfeidhm iomlán maidir leis na Páirtithe eile.

Airteagal 43 – Dearbhuithe agus forchoimeádais

1. Féadfaidh aon Stát nó an tAontas Eorpach, tráth shíniú an Phrótacail seo nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasta nó aontachais, ceann amháin nó níos mó de na dearbhuithe dá bhforáiltear in Airteagal 19, mír 5 agus in Airteagal 40, míreanna 1 agus 2 den Phrótacal seo a dhéanamh.

2. Féadfaidh aon Stát nó an tAontas Eorpach, tráth shíniú an Phrótacail seo nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasta nó aontachais, a dhearbhú, trí dhearbhú a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, go mbaineann sé leas as ceann amháin nó níos mó de na forchoimeádais dá bhforáiltear in Airteagal 3, mír 2; Airteagal 4, míreanna 2 agus 3; Airteagal 5, mír 3; Airteagal 10, mír 6; Airteagal 20, mír 5; agus Airteagal 28, mír 4 den Phrótacal seo. Ní fhéadfar aon fhorchoimeádas eile a dhéanamh i leith fhorálacha an Phrótacail seo.

3. Féadfaidh aon Pháirtí a bhfuil forchoimeádas déanta aige faoin airteagal seo, é a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach trí fhógra a bheidh dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa. Gabhfaidh éifeacht leis an tarraingt siar ar an dáta a bhfaighidh an tArd-Rúnaí an fógra sin.

4. Ní fhéadfaidh Páirtí a bhfuil forchoimeádas déanta aige maidir le foráil den Phrótacal sin a éileamh go gcuirfidh aon Pháirtí eile an fhoráil sin i bhfeidhm; féadfaidh sé, áfach, má tá a fhorchoimeádas páirteach nó coinníollach, a éileamh go gcuirfear an fhoráil sin i bhfeidhm a mhéid a ghlac sé féin léi.

Airteagal 44 - Fógraí

Tabharfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa fógra faoin méid seo a leanas do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, na Stáit nach Ballstáit iad a ghlac páirt i bhforbairt an Phrótacail seo, an tAontas Eorpach, aon sínitheoir, aon Stát is Páirtí agus aon Stát eile ar iarradh air aontú don Choinbhinsiún:

a. aon síniú;

b. taisceadh aon ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais;

c. dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail sin i gcomhréir le hAirteagal 38;

d. aon dearbhú, forchoimeádas nó tarraingt siar forchoimeádais arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 43;

e. aon dearbhú arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 14, mír 3, agus Airteagal 29, mír 5;

f. aon ghníomh, fógra nó teachtaireacht eile a bhaineann leis an bPrótacal sin.

Dá fhianú sin, chuir na daoine a bhfuil a síniú leis seo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, a lámh leis an bPrótacal sin.

Arna dhéanamh xxx, an xxx lá de xxx, i mBéarla agus i bhFraincis, agus an dá théacs chomh barántúil le chéile, in aon chóip amháin a thaiscfear i gcartlann Chomhairle na hEorpa. Tarchuirfidh Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe chuig gach Ballstát de Chomhairle na hEorpa, chuig na Stáit nach Ballstáit iad a ghlac páirt i bhforbairt an Phrótacail sin, chuig an Aontas Eorpach, agus chuig aon Stát a n-iarrfar air aontú don Choinbhinsiún.

Foscríbhinn

Cuirtear an mhír seo a leanas leis an bhfoscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún:

v an chibearchoireacht.